ÚSÁID INMHEÁNACH: BÉATÁINE NÍ SHRAITHEÁIN

VÓTÁIL AR SON BETH MAR OIFIGEACH CUMARSÁIDE

**AONTAS DO CHÁCH**

ÉAGSÚLAIGH GUTHANNA AN AONTAIS TRÍ:

OBAIR LE SEOMRA CAIDRIMH NA SÓISEAR LE DEIS A THABHAIRT DO MHIC LÉINN NA CÉAD BLIANA A nGUTHANNA AGUS A nACMHAINNÍ A ÚSÁID
COMHOIBRIÚ LE hOIFIGEACH NA GAEILGE LE GAEILGE A ÚSÁID I gCUMARSÁID OIFIGIÚIL AN AONTAIS
COMHOIBRIÚ LE COISTE NA MAC LÉINN IDIRNÁISIÚNTA LE CÓIPEANNA ILTEANGACHA DE CHUMARSÁIDÍ OIFIGIÚLA AN AONTAIS A DHÉANAMH

**RANNPHÁIRTÍOCHT DIGITEACH**

ATHBHEOIGH GUTHANNA AN AONTAIS TRÍ:

FHÉILIRE A BHAINEANN LEIS AN AONTAS, INA mBEIDH SEACHADTAÍ INSTAGRAM Ó OIFIGIGH CHAIDRIMH POIBLÍ CUMAINN LÁR-CHOISTE NA gCUMANN, A CHRUTHÚ
PHODCHRAOLADH A EISIÚINT IN ÉINEACHT LE CHUILE RÍOMHPHOST SEACHTAINÚIL LEIS NA PRÍOMHPHOINTÍ A DHÍPHOLAITIÚ, LE TAITHÍ A THABHAIRT ORTHU, AGUS IONAS GO mBEIDH SIAD SOTHUIGTHE

**AIRGEADAS TREORAITHE AG NA MIC LÉINN**

CINNTIGH GO bhFANANN URRAÍOCHTAÍ AN AONTAIS TRÉDHEARCACH TRÍ:

CHOMHOIBRIÚ LEIS AN OIFIGEACH URRAÍOCHTA LE CINNTIÚ GO mBÍONN URRAITHEOIRÍ ÁBHARTHA ANN AGUS LE RATH SEACHTAIN NA bhFREISEAR 2023, INA RAIBH URRAITHEOIR DIFRIÚIL ANN SA PAV GACH LÁ, A LEANÚINT

**CÁ bhFUIL TÚ?**

SCAN ANSEO LE hAISTRIÚCHÁIN IOMLÁIN M'FHORÓGRA, CHOMH MAITH LE hACMHAINNÍ FEACHTAIS ÚSÁIDEACHA EILE, A FHÁIL

**CAITH DÓ VÓTA**
**27-29 FEABHRA**

ÚSÁID INMHEÁNACH: BÉATÁINE NÍ SHRAITHEÁIN

**Urraíochtaí**

Ná téimis anonn nó anall leis, tá maoiniú ag teastáil ón Aontas Mac Léinn sa choláiste is mó urraim in Éirinn. Ba mhaith liom béim a chur ar mhic léinn maidir le cúrsaí airgid, agus:

- Moltaí urraíochta le béim ar mhic léinn a threorú ionas go leantar le rath Seachtain na bhFreisear 2023, ina raibh **urraitheoir difriúil sa Pav chuile lá**
- Comhoibriú a dhéanamh le Lár-Choiste na gCumann chun trédhearcacht thar a **bhfoirm iarratas deontais**, ionas go gcinntítear go dtugtar maoiniú/traenáil shásúil do chuile chisteoir chumann CSC ar an gcampas
- Caidreamh oibre a bhunú le cumainn CSC ar mhian leo plé a dhéanamh faoi urraíochtaí áirithe a bhaineann leis an gcumann a chur ar fáil do gach mac léinn
- A bheith réalaíoch leis na cúiseanna a thugtar faoi urraíochtaí mac léinn – is iad sin na cinn a chuireann lascainí/earraí saor in aisce ar fáil, chun go mbeidh an tAontas ag dul i ngleic le agus ag seasamh le bunriachtanais mhic léinn ina gcónaí i mBaile Átha Cliath
- Leanúint ar aghaidh le cothú caidrimh ghairmiúla, torthúla leis na hurraitheoirí atá ag an Aontas faoi láthair le líontán sábhála a chinntiú sna blianta atá le teacht
- Comhoibriú a dhéanamh leis an **oifigeach urraíochta** le cabhrú le hurraíochtaí mac léinn seasmhacha, bríomhara.

ÚSÁID INMHEÁNACH: BÉATÁINE NÍ SHRAITHEÁIN

(Fuaim Fógra)

(Cnead)

Ó a thircais, Sheol sé teachtaireacht chugam!

Ó, Ben as Tinder?

‘Sea.

Abair liom, abair liom

Abair!

I ndáiríre, is deas an t-athrú é aithne a chur ar leaid atá ábalta cumarsáid a dhéanamh. Éist leis seo: “Haigh! Táim ag comhoibriú le hOifigeach Cumarsáide agus le hOifigeach Foilseacháin Seomra Caidrimh na Sóisear, chomh maith leis na Meantóirí S2S le e-acmhainní inrochtana do mhic léinn na gcéad bliana.”

Nach aisteach an rud é go ndeir tú chomh maith is a bhfuil sé ag cumarsáid, mar dúirt mo Bhen féin: “Haigh. Conas atá tú inniu? Táim anseo ag comhoibriú le Coiste na Mac Léinn Idirnáisiúnta le hacmhainní ilteangacha ionas go mbíonn ár n-ardáin dhigiteacha níos inrochtana.”

An-ghalánta. Ach nach eol duit cad eile atá galánta? Dúirt sé: “Seans go mbeidh an t-am agam théis sin obair le chéile leis an Oifigeach Gaeilge nua le cinntiú go n-aistrítear an ríomhphost seachtainiúil go cruinn i gcónaí, tar éis ann ollbhua a bhí ann sa reifreann.”

Nach aisteach an rud é go ndeir dú sin freisin, mar tá mo Bhen ag “comhoibriú leis an oifigeach urraíochta le cabhrú le hurraíochtaí mac léinn seasmhacha, bríomhara a bhaineann le bunriachtanais na mac léinn atá ina gcónaí i mBaile Átha Cliath.” A’ bhfuil fhios agat, sin an cinneadh déanta.

Níl an cinneadh déanta go fóill, a chara. Dúirt sé: “‘Sea ‘Sea, táim gnóthach go leor, nílim ach ag cruthú féilire don Aontas ina mbeidh seachadtaí Instagram ó Oifigigh Chaidrimh Poiblí Cumainn Lár-Choiste na gCumann.”

Cén fáth nach bhfuil daoine ag smaoineamh faoi seo? Tá an-bhuachaillí aimsithe ag an mbeirt agaibh, i mo thuairimse. Cá háit eile ina n-aimseofá buachaill le pointí gonta agus clár oibre soiléir atá a mhianta ar eolas aige?
Dáiríre, táthar ar an bport céanna. Is cosúil gurb iad an duine céanna.

Le chéile: An bhfuileamar ag cur téacsanna chuig an Ben céanna?